

Príomhghnéithe

- Raon rothar cosanta 2m agus cosán 2m a sholáthar ar an dá thaobh de Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin, ag laghdú in áiteanna ina bhfuil srianta.
- Uasghrádú ar acomhal R865 Bhóthar an Bhaile Bháin / L5029 Bhóthar Pháirc an Chaisleáin agus L5029 Bóthar Pháirc an Chaisleáin / Bóthar Mhuine Mheá go hacomhail le comharthaí le soláthar do choisithe agus rothaithe.
- Pointí trasnaithe coisithe agus comhroinnte a thabhairt isteach ag roinnt áiteanna.
- Tírdhreachú a sholáthar feadh na mbealaí.
- Raon rothar díreach tríd/trasrianta ar gach acomhal taobh-bhóithre chun tús áite a thabhairt do ghluaiseachtaí rothaithe.



Roinn d'aiseolas...

Tá sonraí na scéime ar fail ar

<https://www.galwaycity.ie/ballybanecastlepark>

Fáiltíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe roimh do thacaíocht, do cheisteanna agus d'aiseolas ar thograí Ghréasán Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin:



seoladh chuig **an Roinn Pleanála**, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Bóthar an Choláiste, Gaillimh



ríomhphost chuig planning@galwaycity.ie



glaoigh **091-536 599**

Déanfar gach aighneacht a mheas, agus a ionchorprú sa dearadh molta, nuair is féidir laistigh de na srianta dearaidh, agus nuair atá siad tairbheach don scéim.



Greasán Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin & Bhóthar Pháirc an Chaisleáin

Cuid 8 Aighneacht: leabhrán forlíontach

Réamhrá

Cuidíonn topagrafaíocht réidh Chathair na Gaillimhe go ginearálta le rothaíocht. Mar sin féin, cuireann méid na tráchta feithicle ar shráideanna na cathrach le timpeallacht nach bhfuil tarraingteach ná a fheictear a bheith sábháilte do rothaíocht. Is ionann sciar modha na rothaíochta sa Chathair faoi láthair agus thart ar 5%. Mar is léir leis an ngréasán bus, agus a tugadh faoi deara laistigh de Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG), tá an líonra reatha de bhonneagar rothaíochta teoranta agus neamhleanúnach. Chun déileáil leis an bhfadhb atá ag méadú sa chathair tá sé tábhachtach líon na bhfeithiclí a

théann isteach sa chathair a laghdú **trí rochtain ar mhodhanna malartacha níos inbhuanaithe a éascú**. Toisc go bhfuil an topagrafaíocht sách réidh agus lár na cathrach dlúth, tá **Gaillimh oiriúnach do rothaíocht mar mhodh iompair**.

Is é cuspóir foriomlán thionscadal **Gréasán Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin** ná líonra rothaíochta a sheachadadh ar an taobh thoir den chathair a sholáthróidh rotharbhealaí sábháilte agus tarraingteach, ag freastal ar gach úsáideoir rothar lena n-áirítear comaitéirí, fóillíocht agus grúpaí rothaíochta teaghlaigh.



I ndeireadh na dála, nuair a sheachadtar na bealaí, **feabhsóidh siad sábháilteacht, laghdóidh siad luasanna feithiclí,** agus **cuirfidh siad le líon méadaithe turas ag coisithe agus rothaithe sa cheantar.**


Tá an togra seo comhdhéanta de Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bóthar Pháirc an Chaisleáin

(atá aitheanta sa SIG mar Rotharbhealach Príomhúil, agus Rotharbhealach Tánaisteach, faoi seach) á chur chun cinn anois faoi Chuid VIII, Airteagal 81 de na Rialacháin um Fhorbairt Pleanála 2001 (arna leasú).

Síneoidh **Bóthar an Bhaile Bháin** Síneoidh Bóthar an Bhaile Bháin ó phointe thart ar

130 méadar lastuaidh de Thimpeallán na Scairéadach, suas go dtí agus lena n-áirítear an t-acomhal le Bóthar Mhuine Mheá, achar thart ar 1.2km. Beidh na feabhsúcháin atá beartaithe ar Thimpeallán na Scairéadach (acomhal Bhóthar Bhaile Átha Cliath) mar chuid de scéim ar leith.

Síneoidh **Bóthar Pháirc an Chaisleáin** óna acomhal le Bóthar an Bhaile Bháin i dtreo a acomhal le Bóthar Mhuine Mheá, achar thart ar 1.24km. Beidh feabhsúcháin atá beartaithe ar Bhóthar Mhuine Mheá mar chuid de scéim ar leith.



Cuspóirí Straitéis Iompair na Gaillimhe

Gréasán Rothaíochta Príomhúil

Gréasán rothaíochta príomhúil ‘trunca’ a sholáthar a sholáthróidh bealach áisiúil agus sábháilte le haghaid turais mheánacharacha comaitéireachta gathach / fóillíochta.

Gráasán Rothaíochta Tánaisteach

Gréasaán rothaíochta tánaisteach a sholáthar a sholáthróidh gréasán eangai inaitheanta do thurais áitiúla agus a bheidh nasctha leis an bpríomhghréasán le haghaid turais níos faide.

Route Objectives

Forbairt Bealaigh

Bóthar an Bhaile Bháin a fhorbairt mar Phríomhbhealach, agus Bóthar Pháirc an Chaisleáin mar Bhealach Tánaisteach, de réir na moltaí SIG.

Iompar Poiblí

Soláthar a dhéanamh d’theabhsuithe ar bhonneagar stadanna bus do na seirbhísí bus reatha ar gach bealach.

Áiseanna Oideachasúla

Soláthar a dhéanamh d’theabhsuithe dóibh siúd a thaistealaíonn chuig Áiseanna Oideachasúla (m.sh. TU an Atlantaigh (ITGME roimhe seo), bunscoileanna agus meánscoileanna in aice láimhe) i dtéarmaí áiseanna rothaíochta agus coisithe.

Scéimeanna Eile

Ceadú a dhéanamh do naisc amach anseo le scéimeanna molta cóngaracha (m.sh. an scéim molta BusConnects Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath, agus aon fheabhsúcháin rothaíochta atá beartaithe ar Bhóthar na dTreabh).